

1. Séad-chomhartha Boyle
2. Leaca uaighe Ceilteach
3. Cuimhneachán Curran
4. Séad-chomhartha Jones
5. Cuimhneachán Carolan
6. Dealbh Naomh Pádraig
7. Dealbh an Déin Dawson
8. Dealbh Marcas Buckingham
9. Dealbh Whiteside
10. Cuimhneachán Lover
11. Doras na Caibidle
12. Clog na nUgóineach
13. Staighre go lochta an orgáin
14. Tuama De Saundford
15. Cuimhneachán Schomberg
16. Séipéal na Maighdine
17. Dealbh na Maighdine & an Leanbh
18. Tuama Tregury
19. Prás Bouhéreau
20. Prás Sutton
21. Prás Fyche
22. An Cór
23. Séad-chomhartha Marsh
24. Leaca uaighe Ceilteach
25. Cuimhneachán De hÍde
26. Cuimhneachán Childers
27. Cuimhneacháin Swift
28. Uaigh Swift agus Stella
29. Baistleann

AMANNA OSCAILTE DO CHUAIRTEOIRÍ

Luan – Aoine (an bhliain ar fad) 9.00 – 18.00
(iontráil dheiridh 17.00)

Dé Sathairn:
Márta – Deireadh Fómhair 9.00 – 18.30 (iontráil dheiridh 18.00)
Samhain – Feabhra 9.00 – 17.30 (iontráil dheiridh 17.00)

Dé Domhnaigh (Dúnann an Ardeaglais do chuairteoirí 30 nóiméad roimh sheirbhísí):
Márta – Deireadh Fómhair 9.00 – 18.30 (iontráil dheiridh 18.00)
Samhain – Feabhra 9.00 – 15.00 (iontráil dheiridh 14.30)

Tá fáilte roimh chuairteoirí an bhliain ar fad. Is fearr áirithint roimh ré le haghaidh grúpaí.
Ní sholáthraítear turais treoraithe in aon chor ach díoltar treoirleabhair sa siopa leabhair. Ní tugtar cead isteach do ghrúpaí turais le linn na seirbhísí ach amháin le haghaidh adhradh.

AMANNA NA SEIRBHÍSÍ

Dé Domhnaigh:
Eocairist Naofa i Séipéal na Maighdine 8.30
Maitín/Eocairist chanta 11.15
Easparta 15.15

Laethúil:
Maitín (Luan go hAoine, téarmaí scoile amháin) 9.40
Eocairist Naofa (Céadaoin agus Déardaoin amháin) 11.05
Easparta (Luan go hAoine) 17.45

Níl aon seirbhísí canta ar an Satharn nó ar an gCéadaoin in Iúil agus Lúnasa. Tá fáilte roimh chuairteoirí ó gach sainchreideamh ag na seirbhísí uile. Tá cosc ar ghrianghrafadóireacht le linn seirbhísí agus nuair atá an cór i láthair.

ÁISEANNA

Tá páirceáil le haghaidh busanna turais ar fáil i gClós Naomh Pádraig. Tá rochtain cathaoir rothaí ar fáil. Soláthraítear áiseanna leithris. Díolann an siopa leabhair réimse treoirleabhair, eolas faoin ardeaglais, agus dlúthdhioscaí le horgán agus cór na hardeaglaise iontu. Téann fáltais uile i dtreo cothabháil na hardeaglaise.

FOIREANN

Lorg cabhair ó aon bhall foirne le do thoil. Dá mba rud é gur mhaith leat labhairt le duine den chléir, is féidir é seo a heagrú go héasca.

CONTACTS

Guthán: +353-1-475 4817 (ardeaglais)
+353-1-453 9472 (oifig)
Facs: +353-1-454 6374
Rphost: admin@stpatrickscathedral.ie
Idirlín: http://www.stpatrickscathedral.ie

ARDEAGLAIS NÁISIÚNTA AGUS SÉIPÉAL CHOLÁISTEACH NAOMH PÁDRAIG ❖ BAILE ÁTHA CLIATH

Cuireann an Déan agus an Chaibidil fáilte romhat agus gabhann siad buíochas as ucht do chuid flaithiúlachta

Deirtear gur bhaist Naomh Pádraig iompaithigh chun na Críostaíochta i dtobar a bhíodh suite sa pháirc taobh leis an ardeaglais. Ba é an nasc seo le Naomh Pádraig, tá séipéal anseo ón gcúigiú haois. Thóg na Normannaigh séipéal cloiche ar an suíomh seo sa bhliain 1191. D'atógadh é go luath sa tríú haois déag agus is é seo an foirgneamh a fheicimid inniu. D'atóg an tArdeaspag Minot an túr thiar sa bhliain 1370 tar éis tine agus cuireadh an spuaic leis sa bhliain 1749.

Tá Ardeaglais Naomh Pádraig tar éis cur go mór le saol na hÉireann le linn a stair fada. Bhí Jonathan Swift mar Déan ann ó 1713 – 45. I 1742 léiríodh Handel's Messiah don chéad uair i mBaile Átha Cliath, canta ag cóir Ardeaglais Naomh Pádraig agus Ardeaglais Chríost. Déanann *Living Stones*, taispeántas buan na hArdeaglaise, ceiliúradh ar láthair na hArdeaglaise i saol na cathrach, a stair agus a ról i ndomhan athraitheach. Cuirtear béim ar an bhfíoras nach músaem í an ardeaglais ach foirgneamh ag cuimsiú na laethanta caite agus ag fógairt an todhchaí.

CÉARD LE FEICEÁIL IN ARDEAGLAIS NAOMH PÁDRAIG

IARTHAR NA MEÁNLAINNE Chuir Richard Boyle, Iarla Chorcaí, suas séad-chomhartha Boyle [1] i 1632 i gcuimhne an dara bhean chéile a bhí aige, Lady Katherine. Bhí a seanathair, Robert Weston, mar Déan na ardeaglaise (1567 – 73) agus Ard-Seansailéir na hÉireann. Níos faide ar aghaidh tá dhá leac uaighe Ceilteach le siombailí Críostaíochta orthu [2].

PASÁISTE THUAIDH Cuireadh suas an busta marmair den Rt Hon. John Philpot Curran [3], Máistir na Rollaí, i 1842 le síntiús poiblí. Athair Sarah Curran ba ea é, bhí sise i ngrá le Robert Emmet (tírghráthóir), ba é an grá sin a spreag Thomas Moore chun an t-amhrán 'She is far from the Land' a chumadh. Tá an tuama ollmhór dhá-shraith mar chomóradh ar Thomas Jones, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath [4] (b. 1650), agus a mhac an Bíocunta Ranelagh. Áiríonn cuimhneacháin eile: an rilíf marmair íseal de Turlough Carolan [5], cruitire agus an duine deiridh de bhaird na hÉireann; dealbh Naoimh Pádraig de chuid Melanie Le Brocquy [6]; dealbh an Déin Dawson [7]; dealbh de Mharcas Buckingham [8] ag caitheamh na róbaí agus an libhré ríoga de chuid Ord Naomh Pádraig, a chuireadh ar bun le linn a leas-ríogachta i 1783; agus dealbh an Rt. Hon. James Whiteside [9], Tiarna Príomh-Bhreitheamh na hÉireann (b. 1876). Tá an phlaic mharmair bhán ar mharmar dubh i gcuimhne Samuel Lover [10], file, péintéir, úrscéalaí agus cumadóir (b. 1868).

CROSLANN THUAIDH Seo fócas an phríomh-thaispeántais a áiríonn cuid de phláta na hardeaglaise a rinne gabha geal Bhaile Átha Cliathach, Richard Williams i 1779. Déanann doras na caibidle [11] comóradh ar chríoch chairdiúil an fhaltanais idir Iarla Urmuman agus Iarla Chill Dara i 1492. Ghearr Iarla Chill Dara poll sa doras agus shín sé a lámh tríd chun greim a fháil ar lámh an Iarla Urmuman, a namhaid, a bhí ar dhídean sa Teach Caibidle. Cuireadh síochán ar bhun arís leis an ngníomh tionscanta seo. Thug paróistigh Séipéal Naomh Lúcáis, Baile Átha Cliath Clog na nUgóineach [12] (i gcuimhne ar theacht na nUgóineach go Baile Átha Cliath) d'Ardeaglais Naomh Pádraig nuair a dhúnadh Séipéal Naomh Lúcáis le haghaidh adhradh poiblí i 1975. Tá tionchar an cheoil ar saol Ardeaglais Naomh Pádraig á cheiliúradh sa spás mórthimpeall an staighre bíse chuig lochta an orgáin [13]. Tá dathanna agus cuimhneacháin formhór de na reisimintí Éireannacha ar thaispeáint sa Chroslann Thuaidh freisin.

PASÁISTE THUAIDH AN CHÓIR Léiríonn an tuama agus an samhail Fulk de Saundford [14], Ardeaspag Bhaile Átha Cliath (b. 1271). Scríobh Swift an inscríbhinn Laidine ar an mharmar dhubh os cionn uaigh Duke de Schomberg [15], a thug comhairle do Liam Oráiste dul go hÉire i 1686, ag tabhairt ghealltanas a thacaíochta.

SÉIPÉAL NA MAIGHDINE [16] D'úsáid na hUgóinigh an séipéal seo ó 1666 go 1816. Deirtear gur úsáid an William III cathaoir an droma aird ar 6 Iúil 1690, nuair a d'fhreastal sé ar seirbhís san ardeaglais i ndiaidh Cath na Bóinne. Is de chuid Friedrich Herkner, RHA, dealbh na Maighdine agus an Leanbh [17].

PASÁISTE THEAS AN CHÓIR Tá an leac cloiche seo i gcuimhne an t-Ardeaspag Michael Tregury [18] cé gur dócha go mbaineann an samhail le fo-dheagánach den cheathrú haois dhéag luath agus is sampla maith é de rilíf íseal Éireannach meánaoiseach. Taispeánann an prás in aice láimhe an áit ina bhfuil Dr Elie Bouhéreau [19] (1643 – 1719) curtha, dídeanaí Ugóineach agus an chéad leabharlannaí ar leabharlann Marsh ba ea é. Is ón séú haois déag na práis Sutton agus Fyche [20 & 21] agus tá siad ar na cinn is sine in Éirinn.

AN CÓR [22] Úsáideann an cór an chéad dhá sraith de na stallaí agus úsáideann canónaigh na hArdeaglaise an tríú sraith. Os cionn tá bratacha agus sciatha armais de chuid Ridirí Naomh Pádraig, ord cúirtéiseach a bhunaigh an Rí Seoirse III i 1783. Tá an orgán suite ar na leibhéil trífhóiriam agus stórshoilsithe ar an taobh thuaidh.

CROSLANN THEAS Bhunaigh an t-Ardeaspag Narcissus Marsh [23] Leabharlann Marsh, an chéad leabharlann phoiblí in Éirinn, i 1701. Cuimsítear bailiúcháin leabhair an t-Ardeaspag Marsh ann agus tá sí fós á úsáid don feidhm ar a bunaíodh í. Tagann an dhá leac Cheilteach [24] ón seachtú agus ón deichiú haois.

PASÁISTE THEAS Cuimsíonn na leachtanna cuimhneacháin sa limistéar seo leachtanna míleata agus leachtanna i gcuimhne Éireannaigh céimiúla lena n-áirítear Douglas Hyde agus Erskine Childers [25 & 26], céad agus ceathrú Uachtaráin na hÉireann. Tá leachtanna cuimhneacháin agus rudaí ag comóradh an scríbhneoir, aorthóir agus Déan na hardeaglaise, Jonathan Swift [27] bailithe sa limistéar seo freisin. Áiríonn siad seo feartlaoi agus busta de chuid Swift, a mhasc mairbh, díolaim dá scríbhinní foilsithe, an pár a bhronn Saoirse na Cathrach Bhaile Átha Cliath air, Paitinn na Banríona Áine a bhí mar bharántas dó a bheith ina Dhéan ar Ardeaglais Naomh Pádraig agus an phuilpid cháiliúil óna mbíodh sé ag seanmóireacht. In aice láimhe a bhusta tá prás a léiríonn ainmneacha na nDéan uile de chuid na hArdeaglaise. Tá Swift agus a chara Stella (Esther Johnson) curtha ag iar-dheisceart na meánlainne [28].

AN BHAISTLEANN [29] Tá na tíleanna anseo meánaoiseach, mar an gcéanna leis an t-umar. Cuireadh suas an ghloine dhaite i 1864. Is saothar é de chuid Deartháireacha Casey ó Bhaile Átha Cliath agus curtha faoi bhráid na hardeaglaise ag Timothy agus Patrick Murphy, conraitheoirí, a bhain amach príomh obair an athchóirithe le haghaidh an tUas. Benjamin Guinness sa naoú haois déag.

Níos mó ná aon foirgneamh eile in Éirinn cruinníonn Ardeaglais Naomh Pádraig stair agus oidhreacht muintir na hÉireann le chéile, cibé cúlra lena mbaineann siad ón am is faide siar go dtí an lá atá inniu ann. Leantar ar aghaidh leis an bhfeidhm gur bunaíodh í le haghaidh – ofráil laethúil an adhartha chuig Dia na Glóire trí mheán an cheoil iontach.